An Seacál Cliste

Seanscéal ón India

Leathanach bán

An Seacál Cliste

Seanscéal ón India

Bhí Bráman bocht ann i bhfad ó shin a raibh bean agus seachtar iníonacha aige. Bhí an Bráman chomh bocht sin nach raibh oiread bia aige agus a riarfadh dá theaghlach. Tháinig lá, agus ní raibh fiú gráinnín amháin ríse fágtha sa teach, agus labhair an iníon ab óige lena hathair,
"Gabh thusa anonn go dtí an Seacál Cliste," ar sise, "agus inis dó nach bhfuil airgead ar bith fágtha againn faoi choinne bia. B'fhéidir go gcuideodh sé linn."
Dhreap an Bráman bocht suas an cnoc a fhad le huaimh an tSeacáil Chliste.
"Éist liom, a Sheacáil Chliste!" ar seisean. "Bráman bocht mé. Níl airgead agam faoi choinne bia do mo bhean agus do mo sheachtar iníonacha. Cuidigh liom, má thig leat.
"Déanfaidh mise cibé a thig liom," arsa an Seacál Cliste. "Seo duit mealbhacán. Tabhair leat é agus cuir i do ghairdín é. Tabhair aire mhaith dó agus beidh do sháith airgid agat.
Ghabh an Bráman bocht buíochas leis an Seacál Cliste agus d'iompair sé an mealbhacán ar ais chun tí. Chuir sé go cúramach ina ghairdín é.

Maidin lá arna mhárach, chuaigh an iníon ab óige amach sa ghairdín. Chonaic sí gur fhás an mealbhacán ina phlanda breá agus go raibh an planda breá clúdaithe le mealbhacáin áille aibí.
"Gabh anseo, a athair" arsa an iníon ab óige, "go bhfeicfidh tú na mealbhacáin áille aibí."
Bhí lúcháir an tsaoil ar an Bhráman agus ar a bhean agus ar an seachtar iníonacha nuair a chonaic siad na mealbhacáin.
"Díolfaidh muid na mealbhacáin," arsa an Bráman, "agus beidh ár sáith airgid againn faoi choinne bia." Leis sin, tháinig seanbhean den chomharsanacht an bealach. Nuair a chonaic sí na mealbhacáin áille aibí i ngairdín an Bhrámain, labhair sí le bean an Bhrámain,
"Ceannóidh mé trí cinn de na mealbhacáin," ar sise.
Thug an tseanbhean na mealbhacáin ar ais chun tí. Ghearr sí le scian ghéar iad, agus a leithéid de radharc iontach a fuair sí! Chuir sí a lámh isteach sna mealbhacáin agus tharraing sí amach diamaint agus rúibíní agus smaragaidí agus péarlaí.
Chuir an tseanbhean na seoda i bhfolach in áit shábháilte. Dheifrigh sí ar ais chuig gairdín an Bhrámain agus labhair sí le bean an Bhrámain,

"Tá oiread dúile agam sna mealbhacáin," ar sise, "go bhfuil mé toilteanach a bhfuil agat díobh a cheannach." Agus thug bean an Bhrámain na mealbhacáin uilig don tseanbhean, agus gan a fhios aici iad a bheith lán de sheoda.

Ach níorbh fhada go raibh an t-airgead uilig a d'íoc an tseanbhean leis caite ag an Bhráman bhocht. Agus arís, ní raibh oiread agus gráinnín ríse fágtha sa teach aige.

Chuaigh an iníon ab óige amach sa ghairdín. Fuair sí mealbhacán beag feoite amháin. "Bruithfidh mé an ceann beag seo," ar sise. "Is fearr ná faic é."

Thug sí léi an mealbhacán beag isteach sa teach agus d'oscail sí le scian ghéar é. Taobh istigh de, bhí diamaint, rúibíní, smaragaidí agus péarlaí.

"Gabh anseo!" ar sise lena hathair. "Amharc cad é a fuair mé! Tá na mealbhacáin lán de sheoda agus anois tá siad uilig ag an tseanbhean ach amháin an ceann beag seo."

Chuaigh an Bráman bocht chuig teach na seanmhná agus d'inis di cad é a tharla.

"Ní thig liom na mealbhacáin a thabhairt duit," arsa an tseanbhean, "nó tá siad bruite, ite i bhfad ó shin agam. Ní fhaca mé seoda ar bith iontu."

Ach ba mhaith a bhí a fhios ag an Bhráman agus a bhean

agus an seachtar iníonacha nach raibh an tseanbhean ag insint na fírinne. Labhair an iníon ab óige lena hathair, "Caithfidh tú dul ar ais go dtí an Seacál Cliste," ar sise. "B'fhéidir go gcuideodh sé arís linn."

Agus chuaigh an Bráman bocht ar ais go dtí uaimh an tSeacáil Chliste agus d'inis dó gach rud a tharla.

"Bhí mé amaideach," ar seisean, "ach cuidigh arís liom, má thig leat."

Rinne an Seacál Cliste draothadh gáire. "Déanfaidh mé cibé a thig liom," ar seisean. "An t-am seo, tabharfaidh mé próca de bhia blasta duit. Tabhair aire mhaith dó."

Ghabh an Bráman bocht buíochas leis, agus d'iompair sé an próca ar ais chun tí agus d'fhág uaidh ar an tábla é. D'ith an Bráman bocht agus a bhean agus an seachtar iníonacha tuilleadh agus a sáith den bhia bhlasta. Ach, nuair a bhí deireadh ite acu mhothaigh siad go raibh an próca lán go fóill de bhia!

"Ní bheidh ocras arís go deo orainn!" arsa an Bráman bocht. "Nó ní bheidh an próca seo go deo folamh."

Leis sin, tháinig Bráman saibhir isteach sa teach. Chonaic sé an bia blasta sa phróca agus ar seisean,

"Bráman bocht tusa. Níl sé ar d'acmhainn bia maith mar seo a cheannach."

Agus an Bráman bocht amaideach! D'inis sé dó faoin phróca nach mbeadh folamh in am ar bith.
Chuaigh an Bráman saibhir láithreach chuig an Tiarna.
"Éist liom, a Shoilse!" ar seisean. "Tá Bráman bocht ina chónaí in aice le do phálás agus tá próca draíochta aige a bhíonn i gcónaí lán de bhia blasta. Rómhaith ag Bráman bocht atá an próca sin. Ba cheart a leithéid de phróca a bheith ag Tiarna."
Chuir an Tiarna a chuid gardaí láithreach leis an phróca a ghoid ón Bhráman bhocht, agus arís, bhí an Bráman bocht, a bhean agus a seachtar iníonacha gan oiread agus aon ghráinnín amháin ríse sa teach acu.
"Níl splaideog chéille agam," arsa an Bráman bocht. "Cad é a dhéanfaidh muid anois?"
An iníon ab óige, labhair sí lena hathair.
"Caithfidh tú dul ar ais chuig an Seacál Cliste, agus b'fhéidir go gcuideodh sé linn arís."
Agus arís, chuaigh an Bráman bocht chuig an Seacál Cliste agus d'inis dó gach rud a tharla.
"Is mé féin an duine is amaidí de na Brámain," ar seisean, "ach cuidigh liom arís, má thig leat."
An t-am seo, ní dhearna an Seacál Cliste gáire.
"Seo an uair dheireanach a chuideoidh mé leat," ar

seisean. “Seo duit próca eile. Tabhair leat é chuig na daoine sin a rinne gadaíocht ort. Oscail an próca agus abair:
‘Bata le bualadh agus
Rópa le ceangail;
Bata agus rópa
Ar thóir an ghadaí!”
Thug an Bráman bocht an próca a fhad le teach an Bhrámain shaibhir.
“Tá próca eile draíochta anseo agam,” ar seisean, “atá níos iontaí fiú ná an chéad cheann. Cuir thusa fios ar an Tiarna agus taispeánfaidh muid dó cad é a dhéanann an próca seo. Chuir an Bráman saibhir fios ar an Tiarna.
“Taispeáin dom cad é a dhéanann an próca seo,” arsa an Tiarna. D’oscail an Bráman bocht an próca agus ar seisean,
‘Bata le bualadh agus
Rópa le ceangail;
Bata agus rópa
Ar thóir an ghadaí!”
Phreab rópa tiubh agus bata breá crua amach as an phróca. Cheangail an rópa an Bráman saibhir agus an Tiarna de chrann agus thosaigh an bata breá crua á

mbualadh.
"Stad! Stad!" arsa an Tiarna. "Coinnigh do rópa agus do bhata agus tabharfaidh mé ar ais duit do phróca draíochta."
Labhair an Bráman bocht leis an rópa agus leis an bhata agus phreab siad ar ais isteach sa phróca.
Thug an Tiarna an próca draíochta ar ais don Bhráman bhocht agus bhí a sháith lúcháire airsean nuair a chonaic sé go raibh an próca go fóill lán de bhia blasta.
Ansin thug an Bráman bocht an dara próca go cúramach go dtí teach na seanmhná. Bhain sé de an clúdach agus ar seisean,
'Bata le bualadh agus
Rópa le ceangail;
Bata agus rópa
Ar thóir an ghadaí!"
Amach as an phróca léim rópa tiubh agus bata breá crua. Cheangail an rópa tiubh an tseanbhean den gheata agus thosaigh an bata breá crua á bualadh.
"Stad! Stad!" arsa an tseanbhean. "Coinnigh do rópa agus do bhata agus tabharfaidh mé ar ais duit do chuid seod."
Labhair an Bráman bocht leis an rópa agus leis an bhata agus léim siad ar ais isteach sa phróca.

Chuaigh an tseanbhean isteach sa teach agus thug sí amach léi cúig mhála. Bhí mála acu lán de dhiamaint, ceann eile lán de rúibíní, ceann eile lán de smaragaidí agus ceann eile lán de phéarlaí. Bhí an cúigiú ceann lán de mhealbhacáin a bhí go fóill gan oscailt.

Thug an Bráman bocht na prócaí agus na seoda ar ais chun tí. Agus bhí áthas an tsaoil ar a bhean agus ar a sheachtar iníonacha go raibh tabhartais an tSeacáil Chliste ar ais acu.

An iníon ab óige aige, labhair sí arís lena hathair, "Anois," ar sise, "tá ár sáith den bhia agus den airgead againn. Caithfidh tú dul chuig an Seacál Cliste agus buíochas a thabhairt dó as na tabhartais uilig a thug sé dúinn."

Dhreap an Bráman bocht an cnoc arís go dtí uaimh an tSeacáil Chliste.

"A Sheacáil Chliste," ar seisean, "éist liom! Ba Bhráman bocht mé, ach anois tá mo sháith den bhia agus den airgead agam. Go raibh maith agat, a Sheacáil Chliste, as na tabhartais a bhronn tú orm."

Rinne an Seacál Cliste draothadh gáire. "Rinne mé cibé a thiocfadh liom!" ar seisean.

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning